Plean maidir le Ceacht Tíreolaíochta Sraithe Sóisearaí

Truailliú Uisce

Nasc curaclaim

Cuid C: Patrúin Gníomhaíochta Geilleagraí. Aonad C1(i) Gníomhaíochtaí príomhúil geilleagracha: an domhan mar acmhainn. Acmhainn bhunúsach aiceanta is ea uisce, atá riachtanach chun an bheatha dhaonna agus ainmhí a chothú agus bia a fhás. Sampla is ea é d'acmhainn in-athnuaite.

Eochairsmaoineamh

Údar mór imní is ea truailliú foinsí fionnuisce.

Torthaí foghlama

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann:

- Na bealaí ina dtruaillítear uisce sa cheantar áitiúil a thuiscint.
- An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag uisce truaillithe ar shláinte daoine a thuiscint.
- Moltaí a sholáthar maidir le conas tosca truaillithe uisce a laghdú.

Gearrthóga Eco Eye – Uisce Glan

Ár n-uisce óil a chosaint

Acmhainn luachmhar is ea an t-uisce agus tá cáilíocht an uisce fíorthábhachtach, go háirithe nuair is uisce óil a bhíonn i gceist. Is féidir le camras, le talmhaíocht agus le foraoiseacht tionchar diúltach a imirt ar cháilíocht uisce. Breathnaítear sa ghearrthóg seo ar na hiarmhairtí do mhuintir na Gaillimhe ar éilliú an uisce óil agus ar conas dul i ngleic leis an bhfadhb sin trí chóireáil iomhchuí uisce.

Breathnaigh ar na gearrthóga agus comhlánaigh na cleachtaí tuisceana.

Tuiscint

Ár n-uisce óil a chosaint

1. An mó fógraí maidir le huisce a bheiriú a eisíodh idir Márta 2007 agus Mí na Nollag 2007?

_____

2. Cén fáth go raibh ar dhaoine uisce a bheiriú?

_____

_____

_____

3. Cén fáth go raibh éigeandáil lánscála sa Ghaillimh maidir lena soláthar uisce?

_____

_____

_____

4. An mó duine ar chuir sé isteach orthu? _____

5. Conas a truaillíodh an t-uisce óil?

_____

_____

_____

6. Luaigh cuid de na foinsí éillithe a chuaigh isteach i sruth an uisce níos faide suas an sruth:

1._____

2._____

3._____

4._____

7. Cad a bhí san fhoinse ba mhó truaillithe?

_____

_____

8. Rinneadh a lán forbartha sa réigiún. Cad a thuigimid le forbairt?

_____

_____

_____

9.Conas is féidir le huisce truaillithe dul i gcion ar ár sláinte agus cé is mó a bhíonn i mbaol?

_____

_____

_____

10. Cad iad na príomh-iarmhairtí ar ár soláthar uisce a eascraíonn as fás gasta?

_____

_____

_____

11. Níl éifeacht iomlán ag clóirín a thuilleadh maidir le déileáil le truailliú uisce. Mínigh:

_____

_____

_____

12.Cén fáth go gceapann an cainteoir, Niall Ó Brolcháin, go bhfuil aon Údarás Uisce amháin de dhíth orainn?

_____

_____

_____

Fairsingiú Gníomhaíochtaí

Obair léarscáile/TF

Logáil isteach ar léarscáileanna EPA ar www.epamaps.ie agus scrúdaigh cáilíocht an uisce i do cheantar féin.

- Gliogáil ar an mbosca a bhaineann le Cáilíocht Uisce agus ar an mbosca a bhaineann le Riarachán Ginearálta chun na contaetha a thaispeáint.
- Gliogáil ar an mbosca a bhaineann le Talamh chun úsáid na talún sa cheantar a thaispeáint.
- Cén chomparáid is féidir a dhéanamh idir an ceantar sin agus na contaetha timpeall air agus an chuid eile den tír?
- An féidir leat míniú a thabhairt ar an éagsúlacht idir cáilíocht an uisce i do cheantar féin nó i do chontae féin (talmhaíocht, foraoiseacht, forbairt nua tithíochta agus tionsclaíocht)?

Obair aonair – naisc traschuraclaim Matamaitice

Úsáid an t-eolas thuas chun barraghraf a chruthú ina léireofar cáilíocht an uisce in aibhneacha do chontae. Ó tá cúig leibhéal ann, beidh cúig bharra ag teastáil uait. D'fhéadfá píchairt a úsáid chun na sonraí a léiriú, chomh maith.

Obair i ngrúpaí

Obair i bpéirí:

- Logáil isteach ar http://maps.scoilnet.ie/ .
- Oscail léarscáil stairiúil 1830 agus léarscáil OSI 1:50,000 map agus cuardaigh samplaí de bhealaí úsáidte uisce san am a caitheadh agus san am i láthair, mar shampla, coraí, muilte uisce, canálacha, céanna, srl.
- Déan liosta de na samplaí ar fad a aimsíonn tú.

- Úsáid feidhm scatháin agus fuála chun forbairt sa cheantar agatsa a chur i gcomparáid. Úsáid an dealbh fuála chun léarscáil 1830 a chur i gcomparáid le léarscáil reatha OSI 1:50,000 OSI agus leis an aerghrianghraf.